gaelscoil na gcloch liath

Deireadh Fómhair 2010

Nótaí

Briseadh Meán-Téarma

Dúnfaidh an scoil ag an gnáth am Dé hAoine don bhriseadh mean-téarma ar feadh seachtaine. Is féidir leis na páistí gléasadh suas ar an lá sin. Iarraimid oraibh gan milseán a chur isteach le roinnt.

Mid-term Break

School will close at the normal time on Friday for the Mid-term Break. Children can dress up on Friday. Please do not send in sweets to share.

Oíche Shóisialta do Thuistí

Dé Máirt 19/10 ó 8.30 ar aghaidh i Dan's, sna Clocha Liatha.

Social Night for Parents

Tuesday 19th Oct. from 8.30pm Dan's Bar in Greystones

Ar Aghaidh Linn Arís!

Ba mhaith liom sibh a fháiltiú ar ais i mbliana. Is mór an difríocht a thagann ar an scoil gach bliain agus tá an-áthas orainn go bhfuil 87 páiste linn i mbliana .

I would like to welcome everyone for another school year, Our school grows and changes each year and we now have 87 children enrolled.

Ba mhaith linn fáilte a chur roimh na clanna nua atá ag freastal ar an scoil. Táimid an-bhuíoch gur roghnaigh sibh an Ghaelscolaíocht do bhur bpáistí. Is léir go bhfuil siad ag dul i dtaithí ar an scoil agus tá an Ghaeilge le coisteáil uathu go minic. Tá súil againn go bhfuil siad ag baint taitnimh asti.

We would like to welcome the new families to the school. We are delighted that you chose an all-Irish education for your children. It is clear that they are getting used to being at school and they are making great efforts to use their Gaeilge. We hope that they are enjoying it.

Tá fáilte mhór ag dul do Mhúinteoir Louise agus do Mhúinteoir Tríona. Tá súil againn go mbainfidh siad an-taitneamh as bheith linn.

Warm welcome is extended to Múinteoir Louise and Múinteoir Tríona who have joined our staff . We hope that they enjoy working with us .

Is iontach an neamhspleáchas atá le fheiscint cheana féin agus na Naíonáin Bheaga ag teacht isteach leo féin. Iarraim ar gach tuismitheoir an deis a thabhairt dá p(h)áiste. Tá fáilte romhaibh iad a leanúint más gá duit labhairt leis an múinteoir.

It is great to see the children's independence already as the Junior Infants have started coming into school by themselves. We would ask that all the children are encouraged to do the same. If you need to talk to the teacher, feel free to come in after your child.

Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an mbliain seo agus, mar is gnách, má tá aon cheist agat, buail isteach chugainn.

We hope you enjoy this school year with us and, as always, if you have any queries, please ask us.

Oíche Shamhna

Frásaí Úsáideacha
(Useful phrases)

Tá mé ag gléasadh mar ____
(I am dressing up as a __)
Púca *(ghost)*
Cailleach *(witch)*
Vaimpír *(vampire)*
Leon *(lion)*
Creatlach *(skeleton)*
Sióg *(fairy)*
Banphrionsa *(princess)*
Mac tire *(wolf)*

Dul ó theach go teach
(going from house to house)
Ag bailiú ____
(Collecting ____)
Milseán *(sweets)*
Cnónna *(nuts)*
Torthaí *(fruit)*

Bígí cúramach
(Be careful)
Fan amach ó ____
(Stay away from _)
Tine Chnámh
(Bonfire)
Tine ealaíne
(Fireworks)

Ó Choiste na dTuismitheoirí

Fo-Choistí Nua

Buíochas do gach duine atá ar na fo-choistí nua. Tá sé ar fheabhas go bhfuil tuismitheoirí in ann cabhrú linn ar na hócáidí éagsúla scoile. Beimid i dteagmháil le gach duine comh luath agus is feidir leis na sonraí go léir. Buíochas freisin do na daoine a thug moltaí le haghaidh na gníomhaíochtaí scoile agus cistiúcháin . Táimid ag déanamh imscrúdú orthu freisin.

Thanks to all who have signed-up to our various new sub-committees. It's great to have so many parents who are available to help out. We'll be in touch (if we haven't already) with further details. Thanks also to everyone who offered suggestions for school and fundraising activities. We're looking into those too.

Ciorcal Comhrá

Gach maidin Aoine i Seomra na dTuismitheoirí, ó 8.30 go dtí 9.30. Caint agus caife in éineacht le tuismitheoirí eile. Tá fáilte roimh na páistí beaga freisin. Tá costas €1 ar na daoine fásta as ucht na sóláistí.

Every Friday morning (from 8.30) meet other parents in Seomra na dTuismitheoirí for an hour or so to practice your cúpla focal over a cuppa. Small children most welcome. Charge of €1 for the adults to cover the cost of refreshments.

Leabhar Sínithe

Aon uair a thugann tú cuairt ar Sheomra na dTuismitheoirí cuir d'ainm isteach sa Leabhar Sínithe, atá fágtha ag bun an staighre tosaigh le do thoil. Ná déan dearmad tú féin a shíniú amach freisin. Ní mór dúinn a bheith cinnte go bhfuil gach duine sábháilte i gcás práinne éigeandála.

Whenever you are visiting the Parents Room please put your name into the Sign-in Book, which is left at the bottom of the front stairs. And don't forget to sign-out too. This is to ensure that everyone is accounted for in the event of an emergency building evacuation.

Seirbhís Leabharlainne do Thuistí

Tá roinnt leabhair agus dlúthdhioscaí Gaeilge ar fáil ar iasacht do thuismitheoirí i Seomra na dTuismitheoirí. Tá lipéid orthu agus tá siad sa chéad chofra.

We have a small selection of Irish books and CDs available to parents to borrow from Seomra na dTuismitheoirí. These are clearly labelled and can be found in the first press.

<u>Cruinniú Foirne</u>
Dúnfaidh an scoil ar 12.00 Dé hAoine
5 Samhain
do Chruinniú Foirne.

The school will close at 12.00 on Friday ***5th November*** *to allow for a Staff Meeting.*

Turas go Gleann Dá Loch

Chuaigh Rang Mhúinteoir Daithí ar thuras go Ghleann Dá Loch ag tús na bliana agus nuair a tháinig said ar ais scríobh na páistí altanna iontacha foain dturas. Seo roinnt samplaí dóibh. Maith sibh a pháistí!
At the beginning of the year Múinteoir Daithí's class went to Glendalough and when they came back they wrote wonderful articles about their trip. Below are a few samples of their work. Well done, children!

Chuaigh muid go Gleann Dá Loch ar ár dturas scoile. Bhí eas mór millteanach ann. Chuaigh muid ar bhus beag. Chuaigh Rang a 1, Rang a 2 agus Rnag a 3 mar aon le Karen, Yvonne, Múinteoir Daithí agus Múinteoir Tríona. Rinne muid blitz beag agus tóir an óir. Bhí sé an-mhaith. Chonaic muid spideog, céad cosa, snag breac agus go leor ainmhithe eile. Ba é an rud liom faoin turas ná an blitz beag! Bhí mise i nGleann Dá Loch i mí na Bealtaine. An raibh a fhios agat go bhfuil dhá loch ann? Bhí go leor salachar ainmhithe ann! **Le Ralph Ledús (Rang a 3)**

Ar an Aoine, an 24ú lá de mhí Mheán Fómhair chuaigh muid ar thuras go Gleann Dá Loch. Chonaic muid eas agus go leor plandaí agus crainn síorghlas. Chuaigh muid ar tóir an óir. Tháinig muid sa tríú áit. Bhí sé ar fheabhas. Fuair Gleann Dá Loch a ainm mar is áit í le dhá loch. Tháinig beirt mhamaí ín éineacht linn – mamaí Alanna agus mamaí Ailbhe. Bhuaigh Ailbhe an turas dúinn. Maith thú Ailbhe! Chonaic muid broc, iorra rua, madra uisce agus go leor rudaí eile. Bhí lá iontach agam. Tá súil agam go rachfaidh mé ansin arís. An rud is fear faoi ná an eas. Go raibh maith agat Ailbhe! **Le Kaci de Carraig (Rang a 2)**

Ar an Aoine chuaigh mé go Gleann Dá Loch. Chonaic mé duilleoga agus eas. Bhí Karen liom. Bhí mé ag cuardú céad cosa. An rud ab fhearr faoi ná an choill. Chuaigh mé ar an mbus. Ava agus Alanna a bhí mar phairtnéirí agam. Bhí mo lón agam sa teachín. Bhí milseáin agam. Bhí sé fuar. Bhí mo chos pianmhar. Ní raibh cóisir ann! **Le Leah Ní Chearnaigh (Rang a 1)**

Íocaíochtaí Scoile

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a d'íoc as na leabhair scoile, gníomhaíochtaí iarscoile agus na griangrafanna. Muna bhfuil said íoctha, iarraim oraibh an t-airgead a chur isteach chomh luath agus is féidir. Muna bhfuil sibh chun na griangrafanna a thógáil, iarraim oraibh iad a chur ar ais chuig na scoile roimh an Aoine 22 Deireadh Fómhair. Go raibh maith agat.

I would like to thank those who have paid for the school books, after-school activities and the photographs. If you have not done so, I would appreciate it if you could send in the payment as soon as possible. If you are not taking the photographs, please return them by Friday 22nd Oct.

Clár Bán Idirghníomhach
(Luach €4500)

500
450
400
350
300
250
200
150
100
50

Tá 307 as 500 fón againn.
We have collected 307 phones

Ceiliúradh an Fhómhair

Bhí Ceiliúradh an Fhómhair againn an t-seachtain seo caite. Scríobh páistí paidreacha, d'fhoghlaim siad dán agus rinne siad ealaín iontach. Bhíomar uilig ag guí do Dhia chun ár mbuíochas a léiriú Dó don Fhómhair. Maith sibh a pháistí!

We held our Harvest Celebration last week. The children wrote prayers, learned poems and created some wonderful artwork. We prayed together to thank God for the Harvest. Well done, children!

Oíche Rásaíochta

Toisc an oíche rásaíochta a bheith chomh rathúil, taitneamhach anuraidh roghnaíodh í a reachtáil arís i mbliana.
Beidh sí ar siúl arís Dé hAoine 12 Samhain i gClub Rugbaí na gCloch Liath.
Iarraimid oraibh seo a chur in iúl do chairde, do chlann is do chomhlacaithe.
Beidh na sonraí urraíochta ar fáil go luath ón gCoiste.

Following last years very successful and most enjoyable night at the races, another has been arranged for Friday 12th November in the Greystones Rugby Club. Tell all your friends and make it another night to remember.

Details on sponsorship will be available soon from Coiste na dTuismitheoirí.

Clárúcháin do Naíonáin Bheaga 2011

Beidh coicís clárúcháin ar siúl sa scoil
ó 1 go 12 Samhain 2010.
Is féidir an fhoirm chlárúcháin a bhailiú ón oifig i rith na coicíse sin.

Our Enrolment fortnight will take place
from 1st to 12th November 2010.
Application forms can be collected from the school office during the fortnight.